Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12661/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0259 (NLE)**

**FORETS 66**
**DEVGEN 141**
**RELEX 1140**
**PROBA 30**
**ENV 820**
**AGRI 408**
**SUSTDEV 66**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 467 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 467 final.

Faoi iamh: COM(2025) 467 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2025
COM(2025) 467 final

2025/0259 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Glacadh an plean gníomhaíochta AE i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (FLEGT)[(1)] in 2003. Is é is aidhm dó tacú leis na hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic le fadhb na lománaíochta neamhdhleathaí agus leis an trádáil a ghabhann léi. Príomhghné de phlean gníomhaíochta FLEGT ba ea tabhairt i gcrích comhaontuithe comhpháirtíochta deonaí (CCDanna) idir an tAontas Eorpach agus tíortha táirgthe adhmaid chun creat dlíthiúil a bhunú lena n-áiritheofar gur táirgeadh nó go bhfuarthas go dleathach an t-adhmad uile a onnmhairíodh chuig an Aontas. I gcroílár CCD tá scéim ceadúnúcháin FLEGT, lena gcuimsítear córas chun dlíthiúlacht an adhmaid a fhíorú, a dhearbhú agus a dheimhniú.

Síníodh an CCD idir an tAontas agus Poblacht na Libéire an 27 Iúil 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Nollaig 2013. Chomhaontaigh na Páirtithe Scéim Ceadúnúcháin um fhorfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (scéim ceadúnúcháin FLEGT) a bhunú agus a oibríochtú, agus sceideal cur chun feidhme atá ina dhlúthchuid den CCD (Iarscríbhinn VII). Rinneadh foráil sa sceideal sin maidir le céim ullmhúcháin trí bliana roimh thús na céime oibríochtúla. Dá bhrí sin, measadh go mbeadh ceadúnú FLEGT le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas agus chuig margaí eile oibríochtúil faoi 2014 tar éis bhunú an Chórais Dearbhaithe Dlíthiúlachta, agus measadh go ndéanfaí an margadh intíre agus an earnáil neamhfhoirmiúil a chomhtháthú sa Chóras Dearbhaithe Dlíthiúlachta faoi 2015.

Ó tháinig an comhaontú i bhfeidhm, tá faireachán déanta ag an gComhchoiste Cur Chun Feidhme ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena chur chun feidhme. Bhí athbhreithnithe ar an spriocdháta le haghaidh ceadúnú oibríochtúil FLEGT san áireamh i roinnt *Aide Memoires* a shínigh na Páirtithe i ndeireadh gach cruinnithe den Chomhchoiste Cur Chun Feidhme. Áiríodh san *Aide Memoire* don dara cruinniú den Chomhchoiste Cur Chun Feidhme (10-12 Meitheamh 2015) nuashonruithe ar Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an CCD agus foráladh go gcuirfí tús le scéim ceadúnúcháin FLEGT le haghaidh 2017. Le linn an cheathrú cruinniú den Chomhchoiste Cur Chun Feidhme, d’aithin na Páirtithe go ndearnadh dul chun cinn, ach d’admhaigh siad nach rabhthas ar an mbóthar ceart in go leor réimsí. Le linn an chúigiú cruinniú den Chomhchoiste Cur Chun Feidhme, thug siad dá n-aire ar an gcaoi chéanna go raibh luas chur chun feidhme CCD níos moille ná mar a raibh coinne leis agus luaigh siad 2020 mar spriocdháta le haghaidh ceadúnú oibríochtúil FLEGT. Le linn an aonú cruinniú déag den Chomhchoiste Cur Chun Feidhme, an cruinniú is déanaí, mheabhraigh an tAontas go bhfuil i bhfad níos mó fós le déanamh chun na cuspóirí a leagadh amach go dtí seo a bhaint amach. Chomhaontaigh na páirtithe athbhreithniú ar an leibhéal teicniúil a dhéanamh ar an sceideal cur chun feidhme CCD chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí mí na Nollag 2026 a áireamh mar spriocdháta le haghaidh ceadúnú FLEGT agus conas a d’fhéadfaí sin a dhéanamh. I bhfianaise luas cur chun feidhme CCD le 10 mbliana anuas, áfach, níl ceadúnú oibríochtúil FLEGT faoi dheireadh 2026 réalaíoch.

Idir an dá linn, 20 bliain tar éis ghlacadh phlean gníomhaíochta FLEGT, chuir an tAontas dlús lena ghníomhaíocht chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[(2)], agus ghlac sé

(1) COM(2003) 251.
(2) COM(2019) 352 final.

Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú[3] chun rannchuidiú an Aontais leis an lománaíocht neamhdhleathach, leis an dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoisí a íoslaghdú, chomh maith le rannchuidiú an Aontais le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus cailliúint na bithéagsúlachta a íoslaghdú. Cé gur aithníodh i Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú, faoi Airteagal 10(3) de, go meastar go gcomhlíonann adhmad a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT na ceanglais dlíthiúlachta, iarrtar ar an Aontas le hAithris 81 de Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú '*...oibriú, i gcás inarb ábhartha agus comhaontaithe, le comhpháirtithe reatha comhaontuithe comhpháirtíochta deonaí chun an chéim sin (ceadúnú FLEGT) a bhaint amach...*'. Le Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú, dírítear go mór arís ar chuspóir na CCDanna, i.e. scéim ceadúnúcháin FLEGT, trína shoiléiriú go bhféadfar leanúint de bheith ag obair le comhpháirtithe CCD más ábhartha[4], is é sin le rá má tá an CCD ar an mbóthar ceart chun a chuspóirí a bhaint amach agus má leanann na cuspóirí sin de bheith i gcomhréir leis na riachtanais agus leis na tosaíochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Tá sé níos mó ná 10 mbliana ó tháinig an CCD i bhfeidhm agus in ainneoin an iliomad síntí a beartaíodh a chur leis na hamchláir don chur chun feidhme, léiríonn staid agus dul chun cinn chur chun feidhme CCD na Libéire nach bhfuil sé indéanta fós croíchuspóir an CCD a bhaint amach, is é sin scéim ceadúnúcháin FLEGT oibríochtúil a bhunú.

Go sonrach, ní chuidíonn an CCD le cuspóirí agus fís na Libéire maidir leis an earnáil foraoiseachta a bhaint amach agus níl sé oiriúnach don fheidhm chun tacú le straitéisí, ionstraimí nó beartais nua de chuid an Aontais amhail Global Gateway agus Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú.

I bhfianaise an mhéid thuas, is cosúil gurb é an cur chuige is iomchuí an CCD le Poblacht na Libéire a fhoirceannadh. Mar sin féin, mar aitheantas ar réimsí ina ndearnadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme CCD (e.g. rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus roinnt athchóirithe dlíthiúla) agus inar chumasaigh sé torthaí ábhartha, aontaíonn an tAontas leanúint den phlé, agus plé níos doimhne a bheith aige, le Poblacht na Libéire maidir le cineálacha cur chuige comhair agus le comhpháirtíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bheadh níos oiriúnaí don chomhthéacs agus do na dúshláin atá ann faoi láthair agus lena rannchuideofar ar bhealach níos fearr leis na cuspóirí an dífhoraoisithe nialasaigh a bhaint amach mar a léirítear i Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú. D'fhéadfadh an cur i láthair agus an plé ar Chomhpháirtíochtaí Foraoise le linn an Chomhchoiste Cur Chun Feidhme i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2024 a bheith ina dtúsphointe i ndáil leis sin.

De réir Airteagal 29 den CCD, féadfaidh ceachtar Páirtí an comhaontú a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don pháirtí eile. Scoirfidh an comhaontú d'fheidhm a bheith aige 12 mhí tar éis dháta an fhógra sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bhaineann le hábhar

(3) Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, IO L 150, 9.6.2023, lch. 206.

(4) Aithris 81 de Rialachán (AE) 2023/1115.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I dtaca le cinneadh an Aontais comhaontú idirnáisiúnta a fhoirceannadh, is gá é a ghlacadh ar an mbunús dlí céanna – agus de réir an nós imeachta chéanna – leis an gcinneadh an comhaontú sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais. Tugadh an CCD i gcrích ar bhonn Airteagal 207(3) agus 207(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arna léamh in éineacht le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus Airteagal 218(7) CFAE. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, arna léamh in éineacht le hAirteagal 218(6)(a)(v), bunús dlí iomchuí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is comhaontú trádála idirnáisiúnta é an CCD, agus dá bhrí sin tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus, go háirithe, faoi raon feidhme Airteagal 207 CFAE. I dtaca le cinneadh an Aontais an CDD a fhoirceannadh, is gá é a ghlacadh ar an mbunús dlí céanna. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an togra seo aon ábhar nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ós rud é gur beag seans go mbeidh scéim ceadúnúcháin FLEGT oibríochtúil laistigh de thréimhse ama réasúnta, is é an cur chuige is iomchuí an CCD a fhoirceannadh. Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, is é sin rannchuidiú níos fearr le cur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú agus inchreidteacht agus sláine an CCD mar ionstraim trádála AE a chaomhnú.

- **An rogha ionstraime**

I dtaca le cinneadh an Aontais comhaontú idirnáisiúnta a fhoirceannadh, is gá é a ghlacadh ar an mbunús dlí céanna agus trí bhíthin na hionstraime dlí céanna leis an gcinneadh an comhaontú sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais. Tugadh an CCD i gcrích le Cinneadh ón gComhairle le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, is Cinneadh ón gComhairle an ionstraim iomchuí don togra seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann aon impleacht bhuiséadach le foirceannadh an CCD le Poblacht na Libéire.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar

2025/0259 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal ‘Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE’ arb é is aidhm dó rannchuidiú leis na hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic leis an lománaíocht neamhdhleathach agus leis an trádáil a ghabhann léi[(1)]. Ghlac an Chomhairle a conclúidí maidir le plean gníomhaíochta FLEGT an 13 Deireadh Fómhair 2003[(2)] agus ghlac Parlaimint na hEorpa a rún ar an ábhar an 11 Iúil 2005[(3)].

(2) Gné lárnach den phlean gníomhaíochta ba ea tabhairt i gcrích Comhaontuithe Comhpháirtíochta Deonaí (‘CCDanna’) le tíortha táirgthe adhmaid chun a áirithiú gur táirgeadh agus go bhfuarthas go dleathach adhmad agus táirgí adhmaid a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach.

(3) I gcomhréir le Cinneadh 2011/475/AE ón gComhairle[(4)], síníodh an CCD idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach an 27 Iúil 2011.

(4) I gcomhréir le Cinneadh 2012/373/AE ón gComhairle[(5)], tugadh an CCD i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus tar éis do Phoblacht na Libéire é a thabhairt i gcrích, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Nollaig 2013.

(5) De bhun Airteagal 28 den CCD, tá fad éiginnte aige. Foráiltear le hAirteagal 29 ina dhiaidh sin, d’ainneoin Airteagal 28, go bhféadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile. Scoirfidh an Comhaontú d’fheidhm a bheith aige 12 mhí tar éis dháta an fhógra.

---

(1) COM/2003/0251.
(2) IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.
(3) IO C 157 E, 6.7.2006, lch. 482.
(4) IO L 196, 28.7.2011, lgh. 2–2.
(5) IO L 191, 19.7.2012, lgh. 1–1.

(6) D'ainneoin an iliomad síntí a beartaíodh a chur leis na hamchláir don chur chun feidhme, níor baineadh amach croíchuspóir an Chomhaontaithe, is é sin scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú agus a oibríochtú arb é is aidhm di a fhíorú agus a fhianú, trí bhíthin ceadúnas FLEGT, go dtáirgtear nó go bhfaightear go dleathach adhmad agus táirgí díorthaithe a onnmhairítear chuig an Aontas Eorpach. I bhfianaise staid agus dul chun cinn chur chun feidhme an CCD ó tháinig sé i bhfeidhm an 1 Nollaig 2013, is beag seans go ndéanfar scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú agus a oibríochtú go hiomlán laistigh de thréimhse ama réasúnta. Dá bhrí sin, creideann an Coimisiún nach bhfágann an CDD go mbeidh adhmad agus táirgí adhmaid ón Libéir in ann tairbhiú d'fhorálacha Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010[(6)]agus, ón 30 Nollaig 2025 ar aghaidh, d'Airteagal 10(3) i gcomhar le hAirteagal 3, pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1115[(7)].

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an CCD le Poblacht na Libéire a fhoirceannadh. Chuige sin, i gcomhréir le hAirteagal 29 den CCD, ba cheart don Aontas Eorpach fógra i scríbhinn a thabhairt do Phoblacht na Libéire faoina chinneadh an CCD a fhoirceannadh.

(8) Ba cheart foirceannadh an CCD a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(9) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé, thar ceann an Aontais Eorpaigh, dul i gceann fógra a thabhairt, mar a shonraítear in Airteagal 29 gur gá déanamh amhlaidh, maidir le cinneadh an Aontais Eorpaigh an Comhaontú a fhoirceannadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais Eorpaigh, foirceannadh an Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (an 'CCD') idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe isteach san Aontas Eorpach, ar comhaontú é a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2013.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

---

(6) Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n- oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh.

(7) Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 9.6.2023, lgh. 206–247).